



Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge
Waterford City & County Council

ACHT NA DTEANGACHA OIFIGIÚLA 2003

SCÉIM TEANGA

2022 - 2025

Clár

Caibidil 1: Réamhrá agus Cúlra	3
1.1 Réamhrá	3
1.2 Ullmhú agus Ábhar na Scéime	3
1.3 Dáta Tosaithe na Scéime	4
Caibidil 2: Léargas Ginearálta ar Cuir isteach ainm an Chomhlachta Phoiblí	5
2.1 Misean agus Aidhmeanna	5
2.2 Príomhfheidhmeanna	5
2.3 Príomhsheirbhísí	5
2.4 Custaiméirí agus Cliaint	5
Caibidil 3: Sonraí Seirbhísí ar fáil i mBéarlaamháin, i nGaeilge amháin nó godátheangach	7
Caibidil 4: Ag Feabhsú Soláthar Seirbhísí i nGaeilge	11
Caibidil 5: Ag Feabhsú Soláthar Seirbhísí i nGaeilge sa Ghaeltacht	19
Caibidil 6: Ag Feabhsú Inniúlacht sa Ghaeilge	22
6.1 Earcaíocht	22
6.2 Oiliúint agus Forbairt	22
6.3 Poist Shainithe Ghaeilge	24
Caibidil 7: Monatóireacht agus Athbhreithniú	24
Caibidil 8: Poibliú na Scéime Comhaontaithe	25

Caibidil 1: Réamhrá agus Cúlra

1.1 Réamhrá

Forálann Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 d'ullmhú scéim teanga ag comhlachtaí poiblí ag tabhairt mionsonraí faoi na seirbhísí a sholáthróidh siad:

trí mheán na Gaeilge,
trí mheán an Bhéarla, agus
trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla

agus na bearta a ghlacfar lena chinntiú go ndéanfar aon seirbhís nach bhfuil an comhlacht ag soláthar trí mheán na Gaeilge a sholáthar laistigh de fhráma ama comhaontaithe.

De réir alt 14(3) den Acht, fanann scéimeanna teanga i bhfeidhm ar feadh tréimhse 3 bliana nó go dtí go mbeidh scéim nua daingnithe, cibé acu is déanaí, ag an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.

Ullmhú agus Ábhar na Scéime

Tá aird mar is cuí tugtha ar na Treoirínte a d'eisigh an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus an scéim seo á hullmhú. Ina theannta sin, tugadh faoi phróiseas cuimsitheach comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara uile.

Tá **Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge** á threorú ag an bprionsabal gur cheart go mbeadh soláthar seirbhísí Gaeilge bunaithe ar:

- an leibhéal éilimh ar sheirbhísí ar leith i nGaeilge,
- an tábhacht a bhaineann le cur chuige réamhghníomhach i soláthar seirbhísí dá leithéid, agus
- acmhainní, lena n-áirítear acmhainní daonna agus airgeadais, agus cumas an chomhlachta an cumas riachtanach teanga a fhorbairt nó a rochtain.

Comhlánaíonn an scéim seo prionsabail a bhaineann le Seirbhís ar Ardchaighdeán do Chustaiméirí agus ár gCairt Chustaiméirí. Tá sí curtha le chéile leis an aidhm go gcomhlíonfaí gach oibleagáid ábhartha faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla atá ar **Chomhairle Cathrach & Contae Phort Láirge** ar bhonn céimnithe, tríd an scéim seo agus trí scéimeanna amach anseo.

Tá an Scéim bunaithe ar na gealltanais ar fad a bhí in aon scéim roimhe seo a bheith curtha i bhfeidhm. Sa chás nár cuireadh i bhfeidhm ina n-iomláine go dtí seo na gealltanais a bhí i scéimeanna roimhe seo, bhí an cheist ina ábhar plé le hOifig an Choimisinéara Teanga.

Tuigtear agus aithnítear an t-am agus an iarracht a chuireann gach duine a bhfuil baint acu leis an bpróiseas seo isteach ann.

1.3 Dáta Tosaithe na Scéime

Tá an Scéim seo daingnithe ag an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Tosaíonn sí le héifeacht ó 02 Feabhra 2022 agus beidh sí i bhfeidhm ar feadh tréimhse 3 bliana nó go dtí go mbeidh scéim eile daingnithe, cibé acu is déanaí.

Caibidil 2: Léargas Ginearálta ar Chomhairle Cathrach & Contae Phort Láirge

2.1 Misean agus Aidhmeanna

Tá sé mar mhisean ag Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge a chinntiú go mbeidh Port Láirge ar an áit ab' fhearr agus ab' fhéidir dá saoránaigh go léir agus d'aon duine gur mhian leo cónaí ann, cuairt a thabhairt ar, obair ann nó infheistíocht a dhéanamh i bPort Láirge. Lorgóimid gach seirbhís d'ár gcuid a chur ar fáil le hionracas, le hoscailteacht agus le meas. Aithnímid go bhfuil ár gcuid seirbhísí curtha ar fáil ar mhaithe leis an bpobal, agus tríd an phobal céanna. Dá bharr san, tá meas ar dhaoine mar dhaoine aonaracha agus mar phobail ag croílár na heagraíochta. In ainneoin an brú atá ar acmhainní, lorgóimid fiúntas agus inbhuanaitheacht fhadtéarmach inár gcuid seirbhísí ar fad.

2.2 Príomhfheidhmeanna

Seo a leanas príomhfheidhmeanna Chomhairle Cathrach & Contae Phort Láirge: Forbairt Eacnamaíoch; Seirbhísí Chomhshaoil (Tránna, Spásanna Poiblí, Smacht ar Mhadraí & ar Chapail san áireamh); Soláthar agus Cothbháil Tithíocht an Údaráis Áitiúil; Bóithre & Iompar; Seirbhísí Uisce (faoi Chomhaontú Seirbhíse Poiblí le hUisce Éireann); Pleanáil; Dóiteáin & Seirbhísí Éigeandála; Forbairt Turasóireachta & Féilte; Seirbhísí Leabharlainne; Na hEalaíona & Seirbhísí Chultúrtha (Carlanna, An Ghaeilge, Caomhantas agus Oidhreacht san áireamh); Forbairt Pobail; Mótarcháin & Airgeadas (Rátaí); Seirbhísí Chorparáideacha (Cruinnithe agus Riaracháin na Comhairle).

2.3 Príomhsheirbhísí

Tá ocht príorachtaí straitéiseacha ag Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge, mar a leanas:

Eacnamaíoch - Plean Eacnamaíoch atá éifeachtach a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

Turasóireacht - Port Láirge a fhorbairt mar cheann scríbe do chuirteanna níos faide, trí chlár comhtháite brandála agus cumarsáide a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

Lárionaid Uirbeacha Príomha - díriú isteach ar athnuachan agus ar fheabhsúcháin i gCathair Phort Láirge, i nDún Garbhán agus sa Trá Mhór agus na trí phríomh lárionaid uirbeacha seo a nascadh trí Fhéarbhealach.

Comhshaol - rochtain d'ardchaighdeán ar ár n-oidhreacht nádúrtha agus forbairt áiseanna go ginearálta a chinntiú.

Oidhreacht & Cultúr - oidhreacht nádúrtha agus acmhainní chultúrtha Phort Láirge a fheabhsú agus a chur chun cinn, an Ghaeltacht san áireamh.

Daoine & Pobail - Plean Pobail éifeachtach a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, le comhpháirteachas méadaithe ag gach leibhéal.

Ár Seirbhísí - a bheith uailmhianach maidir le seirbhísí éifeachtúil, éifeachtach agus cothrom a sholáthar, trí phleananna seirbhíse bliantúla atá uailmhianach a ullmhú agus a chur i bhfeidhm, le monatóireacht agus tuairisciú cuí.

Cumarsáid – cumarsáid éifeachtach le heochair-pháirtithe leasmhara.

2.4 Custaiméirí agus Cliant

Seo a leanas na páirtithe leasmhara atá ag Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge:

- Baill den bpobal, custaiméirí agus grúpaí pobal ar fud Chathair & Chontae Phort Láirge, Gaeltacht na Rinne & An tSeanphobail san áireamh
- Iarratasóirí do sheirbhísí éagsúla faoi scéimeanna éagsúla
- Ranna & gníomhaireachtaí stát agus seirbhísí eile phoiblí

- Pobal gnó
- Údaráis áitiúla agus réigiúnacha eile
- An Coiste um Forbairt Phobail Áitiúil (LCDC) agus an Líonra Rannpháirtíochta Pobail (PPN)
- Comhpháirtithe shóisialta, leasanna earnála agus gníomhaireachtaí forbartha áitiúla
- Na meáin áitiúla agus náisiúnta |

Caibidil 3: Sonraí Seirbhísí ar fáil imBéarla amháin, i nGaeilge amháin nó go dátheangach

Soláthar Seirbhísí ar fáil faoi láthair			
Ainm na Seirbhíse	Seirbhísí i mBéarla amháin	Seirbhísí i nGaeilge amháin	Go dátheangach
Oifig na Gaeilge		√	√
Foirmeacha Iarratais	Roinnt		√ Furchóir
Bróisiúirí & Bileoga Eolais	√ don chuid is mó		Cuid acu dátheangach agus céatadán áirithe Gaeilge ar chuid eile
Príomh dhoiciméidí polasaithe	Waterford City & County Noise Action Plan 2019-2023 Renewable Energy Strategy for Waterford City & County 2016-2030		Tuarascáil Bhliantúil 2019 & 2020 Plean Ealaíon 2016-2021 Buiséad & Cuntais Bhliantúla Plean Corparáideach 2019-2024 Cairt Chustaiméara & Cód Iompair do Chustaiméirí Plean Oidhreachta Phort Láirge 2017-2022 Plean Forbartha na Leabharlainne 2017-2022 Plean um Bainistiú Bruscair 2021-2024 Straitéis Chultúir & Chruthaitheachta Chathair & Contae Phort Láirge 2018-2022 Polasaí Um Plaisteach Aonúsáide Aon Phort Láirge Amháin: Plean Eacnamaíochta Áitiúil & Pobail 2015-2020 Plean Forbartha 2022-2028 á fhorbairt faoi láthair
Comhfhreagras (litreacha agus r-phoist)			Nuair a fhaightear comhfhreagras i nGaeilge, freagraítear i nGaeilge í.
Ráitis Nuachta	√ don chuid is mó	Ráitis a bhaineann le cúrsaí Gaeilge nó leis an nGaeltacht	Eisítear gach preas ráiteas ó Oifig na Gaeilge i nGaeilge amháin nó go dátheangach, maraon le cinn áirithe ó sheirbhísí eile ó am go ham.
Suíomh Gréasáin	Roinnt de fós i mBéarla		Tá an chuid is mó den ábhar seasta agus nascanna ar an gcéad leibhéal ar fáil i nGaeilge anois, go háirithe na príomh-

			leathanaigh seirbhíse, sé sin na leathanaigh is mó a dtugann an pobal cuairt orthu. Tá obair leanúnach ar siúl maidir leis an gcuid eile den suíomh a aistriú go Gaeilge.
Córais Teicneolaíocht Eolais	v		Córas Ligean Roghabhunaithe/Choice Based Letting System Gnáth-séanadh r-phoist. Eisíonn Agresso seiceanna agus admhálacha dátheangacha. Tá córais ar nós Agresso, IReg agus IPlan in ann deileáil leis an nGaeilge sa mhéid is go bhfuil siad in ann deileáil le hainmneacha agus sloinnte Gaeilge. Tugann anCóras Bainistíochta um Rialú Foirgníochta (an córas ar líne d'fhorbróirí chun cloí leis na Rialacháin um Rialú Foirgníochta)rogha don úsáideoir Gaeilge nó Béarla a úsáid.
An Deasc Cúram Custaiméirí			Tá líne faoi leith chun deileáil le glaochanna/fiosrúcháin as Gaeilge agus tá baill foirne aitheanta agus an cúram orthu deileáil leis na fiosrúcháin seo.
Pleanáil		Freagraítear aon chomhfhreagras a thagann isteach i nGaeilge sa teanga céanna.	Tá triúr bhall foirne le Gaeilge sa Rannóg seo, beirt sa Chathair agus duine i nDún Garbhán, a chuireann seirbhís as Gaeilge ar fáil don bpobal de réir mar is gá.
Seirbhísí Leabharlainne	Níl aon duine le Gaeilge sna Leabharlanna Bhrainse seo a leanas: Port Lách, Trá Mhór, Dún Mór agus Ceapach Choinn. Bileog Eolais	Tá 3,400 earra Gaeilge ar fáil i stoc na Leabharlainne, rud is ionann agus 1.3% den stoc iomlán. Tá rogha ag daoine na treoracha ar na meaisíní féin-eisithe/tabhair ar ais sna leabharlanna a léamh i nGaeilge.	Daoine le Gaeilge ag obair sa Cheanncheathrú agus sna Leabharlanna Bhrainse seo a leanas: Lárleabharlann, An Lios Mór, Carraig Phiarais, Ard Caoin, Bóthar de Brún, Coill Mhic Thomáisín, Tulach an Iarainn agus Dún Garbhán. Imeachtaí Gaeilge/dátheangacha eagraithe do Sheachtain na Gaeilge; mar chuid de scéim léitheoireachta ar líne do

			<p>theaghlaigh; agus bronnadh Réalta an tSamhraidh ('Summer Stars') ar Ghaelscoileanna. Grúpa Tuismitheoirí & Lapadáin i nDún Garbhán ag feidhmiú go dátheangach.</p> <p>Príomh-fhoirm ballraíochta na Leabharlainne.</p> <p>Córas cuardaigh ar an gcatalóg ar líne ar fáil go dátheangach.</p>
Seirbhís Ealaíon			<p>Tá Gaeilge ag duine amháin den mbeirt Oifigeach Ealaíon.</p> <p>Foirmeacha iarratais agus treoirlínte do na scéimeanna seo a leanas: Deontais Bhliantúla Ealaíona; Deontais d'Fhéilte Ealaíona; Sparánacht Blas; Scoil Samhraidh Chomhlachas Drámaíochta na hÉireann; Sparánacht Ealaín Tyrone Guthrie; Scoil Samhraidh Chór Óige na hÉireann; Scoil Samhraidh Cheolfhoireann Óige na hÉireann.</p>
An Chartlann			<p>Is féidir leis an gCartlannaí seirbhís dátheangach a chur ar fáil.</p> <p>Tá 25% des na foilseacháin agus na liostaí tuairisciúla do bhailiúcháin na gcartlanna ar fáil go dátheangach nó mar cháipéisí faoi leith Gaeilge agus Béarla</p>
Comhshaol			<p>Tuairiscí Reachtúla agus polasaithe. Foirmeacha iarratais, iarratais ar dheontais.</p> <p>Cláir Oideachais Chomhshaoil curtha ar fáil in Gaeilge/go dátheangach do Ghaelscoileanna agus do scoileanna Gaeltachta.</p> <p>Triúr le Gaeilge sa Rannóg seo – beirt sa Chathair agus duine amháin i nDún Garbhán.</p>
Tithíocht			<p>Ceathrar bhall foirne le Gaeilge – triúr sa Chathair agus duine amháin i nDún Garbhán</p>
Bóithre			<p>Beirtle Gaeilge, duine amháin i</p>

			ngach ceann des na hoifigí seo a leanas: Clós Innealra, Dún Garbhán agus Áras Menapia, Cathair Phort Láirge
Seirbhísí Uisce			Bíonn gach cor poist agus fógra a bhaineann le Seirbhísí Uisce curtha ar fáil go dátheangach do phobal na Gaeltachta. Beirt bhall foirne le Gaeilge, duine i gCathair Phort Láirge agus duine i nDún Garbhán
Forbairt Eacnamaíoch		Tá suíomh idirlíon <i>Bealaí na gCeilteach/Celtic Routes</i> , branda turasóireachta a fhorbraíodh le maoiniú ó chlár Interreg, ar a bhfuil ábhar ó Phort Láirge, ar fáil i nGaeilge: https://celticroutes.irish/	Ball foirne amháin le Gaeilge i gCathair Phort Láirge. Foirmeacha iarratais do scéimeanna ar nós Maoiniú d'Fhéilte; Scéim Dreasú Eacnamaíoch; Scéim Feabhsúcháin na nÉadan Siopaí 2021.
Seirbhísí Dóiteáin			Cuirtear an Clár um Shábháilteacht ó Dhóiteáin do Bhunscoileanna ar fáil in Gaeilge/go dátheangach do Ghaelscoileanna agus do scoileanna Gaeltachta.
Seirbhísí Corparáideacha			Ball foirne amháin le Gaeilge i gCathair Phort Láirge

Seirbhísí ar fáil sa Ghaeltacht –Níl aon oifigí ag Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge sa Ghaeltacht. Siad Oifigí Cathartha na Comhairle i nDún Garbhán na hoifigí is cóngaraí don nGaeltacht. Déantar gach iarracht freastal ar chainteoirí Ghaeilge trí oifigí na Comhairle i nDún Garbhán, ag braith ar infhaighteacht bhaill foirne le Gaeilge ag aon am faoi leith.

Ainm na Seirbhíse	Seirbhísí i mBéarla amháin	Seirbhísí i nGaeilge amháin	Go dátheangach
Ag obair le grúpa forbartha pobail áitiúil, Comhlucht Forbartha na nDéise		Seirbhísí iomlán Ghaeilge curtha ar fáil ag Oifigeach Gaeilge na Comhairle, a suíonn ar Bhord Chomhlucht Forbartha na nDéise mar Rúnaí.	
Fógraí/cor poist/teagmháil ón gComhairle			Bíonn aon chomhfhreagras nó

			chumarsáid a thionscnaíonn an Chomhairle le muintir na Gaeltachta i nGaeilge nó dátheangach
Iarratais faoi leith ar sheirbhísí ó Rannóga eile na Comhairle			Déantar gach iarracht deileáil le hiarratais a fhaightear i nGaeilge sa teanga céanna
Cláir Oideachais Chomhshaoil		Curtha ar fáil in Gaeilge/go dátheangach do scoileanna Gaeltachta.	
Clár um Shábháilteacht ó Dhóiteáin		Curtha ar fáil in Gaeilge/go dátheangach do scoileanna Gaeltachta.	

Caibidil 4: Ag Feabhsú Soláthar Seirbhísí i nGaeilge

Is riachtanais éigeantacha faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 iad na forálacha i gcló liath atá le feiceáil sa tábla thíos.

Modh Cumarsáide leis an bPobal		Gealltanais	
Fógraí réamhthaifeadta ó Bhéal		<p>Beidh na fógraí réamhthaifeadta seo a leanas i nGaeilge nó go dátheangach:</p> <p>(a) Cuirfear fógraí taifeadta ó bhéal ar fáil i nGaeilge nó go dátheangach ar an nguthán nuair atá ár n-oifigí dúnta;</p> <p>(b) Cuirfear fógraí taifeadta ó bhéal a chraoltar ar chórasfógartha poiblí ar fáil i nGaeilge nó go dátheangach;</p> <p>(c) Cuirfear fógraí ó bhéal a chruthaítear agus a chraoltar tríchóras ríomhtheachtaireachta nó tríchóras ríomhfhreagartha gutháin ar fáil i nGaeilge nó go dátheangach.</p> <p>Tabhair faoi deara gur fógairtí ‘taifeadta’ seachas fógairtí ‘beo’ a bhaineann le hábhar anseo.</p>	Éigeantach

		Sa chás go bhfuil Ordú Logainmneacha i bhfeidhm, úsáidfean an leagan Gaeilge den Logainm atá sonraithe san Ordú sin i bhfógraí taifeadta ó bhéal a dhéanann comhlacht poiblí nó a dhéantar ar a shon.	
Cumarsáid i Scríbhinn	Litreacha agus Post Leictreonach	Tabharfar freagra ar an gcumarsáid scríofa uile sa teanga oifigiúil ina bhfuarthas í.	Éigeantach
	Stáiseanóireacht	Ceannteidil ar stáiseanóireacht áirithe ar a n-áirítear nóta-pháipéar, duillíní dea-mhéine, leatháin chlúdaigh facs, clúdaigh comhad agus fillteáin eile, lipéid agus clúdaigh litreach a chur ar fáil i nGaeilge nó go dátheangach.	Éigeantach
Comharthaí	Comharthaí	Ní mórán chomharthaíocht uilig a chuireann Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge in airde nó a chuirtear in airde thar a cheann a bheith i nGaeilge nó dátheangach, faoi réir na rialachán (I.R. Uimh 391/2008).	Éigeantach
Foilseacháin	Foilseacháin	Foilseofar cáipéisí ina leagtar amach tograí polasaí poiblí, cuntais iniúchta nó ráitis airgeadais, tuarascálacha bliantúla agus ráitis straitéise i nGaeilge agus i mBéarla ag an am céanna.	Éigeantach
	Ciorcláin / Cora Poist	I gcás ina ndéanfaidh comhlacht poiblí cumarsáid i scríbhinn nó leis an bpost leictreonach leis an bpobal i gcoitinne nó le haicme den phobal i gcoitinne chun faisnéis a thabhairt don phobal nó don aicme, cinnteoidh an comhlacht gur i nGaeilge, nó i mBéarla agus i nGaeilge, a bheidh an chumarsáid	Éigeantach
An Ghaeltacht	Logainmneacha Gaeltachta	Bainfean úsáid as Logainmneacha Oifigiúla na gceantar Gaeltachta de réir na reachtaíochta.	Éigeantach

Seo a leanas liosta gníomhartha molta ag Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge faoi gach seirbhís.

Modh Cumarsáide leis an bPobal	Gealltanais	Amlíne Laistigh de Bl.1/Bl.2/Bl.3	
Cumarsáid ó Bhéal / Scríbhinn	Fáiltiú	<ul style="list-style-type: none"> •Fógrófar ainmneacha na mball foirne atá in ann cumarsáid i nGaeilge ag an bhfáiltiú. •Beidh eolas ag foireann an fháiltithe ar na bunbheannuithe i nGaeilge. •Ní bheidh moill mhíchúí mar thoradh ar sheirbhísí nGaeilge a bheith á lorg ag an bhfáiltiú. Tá socruithe in áit chun baill den phobal a chur i dteagmháil go tapa leis an oifigeach/na hoifigigh c(h)uía atá freagrach as an tseirbhís a éileofar a chur ar fáil i nGaeilge. 	Bl.1
	Seirbhís Duine le Duine/Chuntair	<ul style="list-style-type: none"> •Cuirtear liosta suas chun dáta dóibh siúd i ngach Rannóg atá ar fáil agus sásta gnó a dhéanamh trí Ghaeilge leis an bpobal ar fáil ar shuíomh idirlíon na Comhairle; ar chóras inlíon na Comhairle agus dóibh siúd ag an Deasc um Seirbhísí Custaiméara. 	Bl. 1
	Lasc-chlár	<ul style="list-style-type: none"> •Beidh rogha faoi leith Gaeilge ar fáil nuair a ghlaonn duine ar phríomh-uimhir ghutháin na Comhairle. •Beidh daoine breise le Gaeilge san eagraíocht ar fáil mar chúltaca chun seirbhís fhreagartha Gaeilge a chur ar fáil tríd an Deasc um Seirbhísí Custaiméara. •Beidh eolas ag foireann an lasc-chláir ar na bunbheannuithe i nGaeilge agus beidh siad in ann an glaoch a aistriú chuig ball eile foirne atá in ann Gaeilge a labhairt. •Cuirfear liosta chun dáta ar fáil d'fhoireann an lasc-chláir de na baill foirne atá in ann seirbhís a chur ar fáil i nGaeilge. •Forbrófar gnáth-threoiríní chun déileáil le glaoiteoirí ar mian leo labhairt i nGaeilge agus cuirfear ar fáil iad do na rannóga éagsúlaoifige 	Bl. 1

	<u>Cumarsáid ghutháin leis an bpobal</u>	<ul style="list-style-type: none"> •Beidh teachtaireachtaí gutháin dátheangacha ag baill foirne atá toilteanach seirbhís dhátheangach a chur ar fáil. •Cuirfear treoir ar fáil don fhoireann ar dhéileáil le glaonna gutháin ó Ghaeilgeoirí. •Cuirfidh baill foirne dhátheangacha custaiméirí ar an eolas gobhfuil siad sásta gnó a dhéanamh trí Ghaeilge má theastaíonn. 	Bl. 1
	<u>Fógraí réamhthairfeadta ó Bhéal</u>	<ul style="list-style-type: none"> •Beidh beannuithe pearsanta réamhthairfeadta gutháin na mball foirne atá aitheanta chun seirbhís i nGaeilge a thabhairt i bhfoirm dhátheangach, de réir Polasaí Cumarsáide ‘As Oifig’ d’Fhostaithe. •Beidh na fógraí do <i>My Open Library</i> ar fáil go dátheangach i Leabharlann an Leasa Mhóir agus i Leabharlann Dhún Garbhán. 	Bl. 1 Bl. 2/3
	<u>Fógraí Beo</u>	Ní bhaineann	
	Eile	Beidh cuirí a eiseoidh an Chomhairle dátheangach, maraon le gairthe cruinnithe na gComhairleoirí.	Bl. 1/2/3
	<u>Bileoga Eolais/Bróisiúir</u>	<ul style="list-style-type: none"> •Cuirfear leagan Gaeilge nó dátheangach de bhileoga/bhróisiúirí áirithe ar fáil, mar shampla bróisiúirí a bhaineann leis an nGaeltacht/leis an nGaeilge. •Beidh meánmhéid de 20% téacs Gaeilge in aon bhileog/bhróisiúir nua a chuireann Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge ar fáil, agus socrófar an fíor-chéatadán cás ar chás, bunaithe ar éileamh ón bpobal. 	Bl. 1/2/3
	<u>Foirmeacha Iarratais</u>	<ul style="list-style-type: none"> •Leanfar ar aghaidh ag méadú líon na bhfoirmeacha iarratais atá ar fáil go dátheangach, na cinn seo a leanas go sonrach: •Cuirfear foirmeacha iarratais Rannóg na Rátaí ar fáil go dátheangach. •Cuirfear na foirmeacha chlárúcháin/iarratais agus na treoirlínte do Sparánachtaí ArtLinks (comhpháirtíocht 	Bl. 1/2/3 Bl. 1 Bl. 2

		idir Chomhairlí Contaetha Phort Láirge/Loch Garman/Cheatharlach agus Chill Chainnigh agus An Chomhairle Ealaíon) agus d'aon Scéim na Ealaíon ar fáil go dátheantach ó 2022 ar aghaidh. •Beidh an leagan Gaeilge d'fhoirmeacha iarratais ar fáil sna hasraonta céanna leis an leagan Béarla.	Bl. 1/2/3
	Foilseacháin / Treoirlínte	•Foilseoidh an Cartlanaí 40% de liostaí tuairisciúla na Cartlanna go dátheangach. •Foilseofar Polasaí agus Treoirlínte nua maidir le Maoiniú d'Fhéilte (atá á fhorbairt faoi láthair) go dátheangach nuair atá glactha leo.	Bl. 2 Bl. 1
	Eile	•Reáchtáilfidh an Cartlanaí 40% d'imeachtaí poiblí go dátheangach nó inGaeilge. •Déanfaidh an Rannóg Comhshaoil athbhreithniú ar gach eolas i scríbhinn a chuireann an Roinn Comhshaoil ar fáil don phobal, le cinntiú go mbeidh an t-eolas i mó a scaipfear curtha ar fáil go dátheangach. •Tá sonraí des na Comhairleoirí atá sásta gnó a dhéanamh leis an bpobal trí Ghaeilge foilsithe ar shuíomh gréasáin na Comhairle.	Bl. 1 Bl. 2 Bl. 1
Na Meáin	Preaseisiúintí	•Eiseofar 10% de phreasráitis go dátheangach agus é mar aidhm go n-eiseofar an t-ábhar seo go comhuaineach. •Eiseofar gach preasráiteas a bhaineann le cúrsaí Gaeltachta nó Gaeilge i nGaeilge nó go dátheangach ag an am céanna.	Bl. 1 Bl. 1/2/3
	Urlabhraithe na Meán	•Beidh urlabhraí Gaeilge ar fáil ón Leabharlann do Sheachtain na Gaeilge agus amanta eile nuair is gá. •Cuirfear liosta reatha d'urlabhraithe Gaeilge ar fáil do na meáin agus coinneofar an liosta sin chun dáta.	Bl. 1 Bl. 2
	Na Meáin Shóisialta	•Beidh 25% de phostálacha an Chartlanaí ar na meáin shóisialta dátheangach/i nGaeilge. •Eiseofar postáil nó dhó ón bpríomh-	Bl. 1 Bl. 1

		<p>oifig chumarsáide i nGaeilge gach seachtain.</p> <ul style="list-style-type: none"> •Eiseofar postálacha dátheangacha ón tSeirbhís Leabharlainne le linn Seachtain na Gaeilge, ach go háirithe. •Beidh aon phost meáin shóisialta/fógraí eile ar-líne (m.sh. Mapalerter) a bhaineann leis an nGaeltacht/nGaeilge curtha suas i mBéarla agus i nGaeilge ag an am céanna. 	<p>Bl. 1</p> <p>Bl. 1</p>
	<u>Óráidí</u>	<ul style="list-style-type: none"> •Déanfar Comhairleoirí (Méaranna) a spreagadh chun méid áirithe Ghaeilge a úsáid ag ócáidí phoiblí (mar is cuí de réir chumais), agus cuirfear tacaíocht ar fáil dóibh chun é seo a dhéanamh. •Úsáidfidh an Príomhfheidhmeannach roinnt Ghaeilge ag ócáidí phoiblí, agus cuirfear tacaíocht ar fáil dó chun é seo a dhéanamh. 	<p>Bl. 1</p> <p>Bl. 1</p>
	Eile		
Teicneolaíocht Faisnéise	<u>Ríomhphoist</u>	<ul style="list-style-type: none"> •Beidhan séanadh ar ghnáth-theachtaireachtaí ríomhphoist dátheangach. •Cuirfear anteimpléad comónta do shínithe r-phoist atá forbartha don bhfoireann ar fadsa Pholasaí Cumarsáide ‘As Oifig’ d’Fhostaithe i bhfeidhm. •Leanfar leis an seoladh r-phoist faoi leith do cheisteanna i nGaeilge ar shuíomh gréasáin na Comhairle. 	<p>Bl. 1</p> <p>Bl. 1/2/3</p> <p>Bl. 1</p>
	<u>Suíomhanna Gréasáin</u>	<ul style="list-style-type: none"> •Cuirfear a thuilleadh ábhair ar shuíomh gréasáin Chomhairle Cathrach & Contae Phort Láirge ar fáil i nGaeilge, ag díriú ar na leathanaigh is mó a bhfuil tóir orthu agus aon ábhar seasta fós gan aistriú. •Beidh nascleanúint ó leathanach ar an leagan Béarla den suíomh gréasáin chuig an leathanach ábhartha ar an leagan Gaeilge. •Soláthrófar agus forfheidhmeofar córas a chinnteoidh go mbeidh an leagan Gaeilge den ábhar ar an suíomh gréasáin ar aon dul leis an leagan 	<p>Bl. 1/2/3</p> <p>Bl. 2</p> <p>Bl. 2/3</p>

		Béarla. •Leanfar ar aghaidh ag forbairt agus ag uasdátú (mar is gá) an tsuímh Ghaeilge ar an inlíon - ar a bhfuil treoir maidir le soláthar seirbhísí Gaeilge agus infhaighteacht acmhainní teanga Gaeilge.	Bl. 1/2/3
	<u>Córais Ríomhaireachta</u>	•Beidh córas ríomhaireachta nua ar bith a shuiteálfar, de réir mar is cuí, ábalta déileáil leis an nGaeilge. •Leanfaidh an comhlacht poiblí ag baint úsáid ghníomhach as teicneolaíocht chun feabhas a chur ar sholáthar seirbhísí dátheangacha. •Coimeádfar suas chun dáta, agus méadófar mar is cuí, an chuid den inlíon a bhaineann leis an nGaeilge mar thaca agus mar acmhainn don fhoireann.	Bl. 1/2/3
	<u>Seirbhísí Idirghníomhacha</u>	Beidh seirbhísí ar bith ar-líne agus idirghníomhacha a fhorbraíonn an comhlacht poiblí féin ar fáil go dátheangach.	Bl. 1/2/3
	Eile	•Beidh an Ghaeilge mar chuid d'Fhéilte agus d'imeachtaí mhóra a eagraíonn an Chomhairle, trí chomharthaíocht agus ábhar bholscaireachta agus trí imeachtaí agus gníomhaíochtaí Gaeilge/ dátheangacha a bheith ar chlár na bhFéilte. •Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh ag eagrú imeachtaí poiblí Gaeilge/ dátheangacha d'fheachtais náisiúnta ar nós Seachtain na Gaeilge, Éire Ildánach, Seachtain Oidhreachta srl. agus ar bhonn bliantúil go háitiúil.	Bl. 1/2/3
An Ghaeltacht	<u>Cruinnithe</u>	•Nuair a theastaíonn, tionólfar cruinnithe sa Ghaeltacht i nGaeilge, le haistriúchán comhuaineach i mBéarla, mar is cuí. •Cuirfear fáilte roimh inchur i nGaeilge agus i mBéarla ag cruinnithe poiblí a eagraíonn an comhlacht poiblí nó a eagraítear thar a cheann.	Bl. 1/2/3
	<u>Óráidí</u>	Is i nGaeilge/go dátheangach a bheidh gach óráid a bhaineann leis an nGhaeltacht / a bheidh ar siúl sa Ghaeltacht.	Bl. 1/2/3
	Eile	•Beidh comhfhreagras a bhaineann le	Bl. 1/2/3

		<p>pobal na Gaeltachta i nGaeilge amháin nó dátheangach.</p> <ul style="list-style-type: none">•Beidh sé mar chleachtas ag an bhfoireann aon chomhfhreagras a thionscnaítear le heagraíochtaí Gaeltachta ar nós scoileanna, grúpaí pobail áitiúla srl, a thionscain i nGaeilge.•Tá na hEalaíon Traidisiúnta agus na hEalaíon trí Ghaeilge ainmnithe ag an Oifig Ealaíon mar réimsí faoi leith atá i dteideal tacaíochta.	
--	--	---	--

Caibidil 5: Ag Feabhsú Soláthar Seirbhísí i nGaeilge sa Ghaeltacht

Ag feabhsú soláthar seirbhísí i gceantair Ghaeltachta agus ag cinntiú go ndéanfar teanga oibre den Ghaeilge in oifigí suite sa Ghaeltacht faoi dháta áirithe.

Gealltanaisa Ghaeltacht

Cur síos ar na seirbhísí sa Ghaeltacht	Gealltanais	Amlíne Laistigh de Bl.1/Bl.2/Bl.3
Ginearálta	Aithníonn Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge an tábhacht agus an luach a bhaineann le pobal na Gaeltachta i gCo. Phort Láirge agus déanfar gach iarracht tacaíocht agus cosaint a thabhairt d'oidhreacht chultúrtha agus teangeolaíoch ar leith na Gaeltachta i ngach gníomhaíocht de chuid na Comhairle. Chomh maith leis na gealltanais luaite i gCaibidil 4 thuas, tugaimid na gealltanais seo a leanas:	Bl. 1/ 2/3
Forbairt Pobail	Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh ag obair go dlúth le heagraíochtaí pobal na Gaeltachta ar mhaithe leis an bpobal i gcoitinne, go háirithe trí thacaíocht a thabhairt do ról Oifigigh Ghaeilge na Comhairle ar bhord Chomhlucht Forbartha na nDéise.	Bl. 1/ 2/3
Pleanáil Teanga	Aithníonn Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge an tábhacht agus suntas a bhaineann leis an bpróiseas Pleanála Teanga mar atá leagtha amach in Acht na Gaeltachta 2012 agus sa Straitéis 20 Bliain don nGaeilge. Tacóidh an Chomhairle leis an gCeanneagraíocht, Comhlucht Forbartha na nDéise agus an Plean Teanga á chur i bhfeidhm aige i nGaeltacht na nDéise, fad is a bhaineann sé le feidhmeanna an údaráis áitiúil.	Bl. 1/ 2/3
Dún Garbhán mar Bhaile Seirbhíse Gaeltachta	<ul style="list-style-type: none"> • Tabharfaidh an Chomhairle tacaíocht agus éascú d'obair an ghrúpa Dún Garbhán le Gaeilge maidir le forbairt agus cur i bhfeidhm Plean Teanga do bhaile Dhún Garbhán mar Bhaile Seirbhíse Gaeltachta. • Oibreoidh an tSeirbhís Ealaíon go gníomhach leis an Oifigeach Gaeilge agus le Coiste Dhún Garbhán le Gaeilge chun seirbhísí cultúrtha ábhartha a fhorbairt trí Ghaeilge/go dátheangach i nDún Garbhán. • Beidh maoiniú breise ar fáil faoi Scéim Feabhsúcháin na nÉadan Siopaí d'íarratasóirí ó 	Bl. 1/ 2/3

	<p>bhaile Dhún Garbhán atá ag iarraidh comharthaíocht Ghaeilge/dhátheangach a chur in airde.</p> <ul style="list-style-type: none"> •Leanfaidh Grúpa Bainistíochta Lár Bhaile Dhún Garbhán ag cur scéim mhaoinithe chomharthaíochta Fhoras na Gaeilge chun cinn i measc ghnóthaí an bhaile, ar mhaithe le comharthaíocht Ghaeilge a fhorbairt inDún Garbhán. •Tá súil ag Grúpa Bainistíochta Lár Bhaile Dhún Garbhán comhoibriú le Coiste Dhún Garbhán le Gaeilge chun bearta áirithe sa Phlean Teanga do Bhaile Dhún Garbhán a chur i bhfeidhm, de réir mar atá sainithe i bPlean Bainistíochta Lár an Bhaile. 	
Cothabháil Bóithre	Comharthaíocht le bheith i nGaeilge amháin/dátheangach.	Bl. 1/ 2/3
Seirbhísí Uisce	Comharthaíocht le bheith i nGaeilge amháin/dátheangach.	Bl. 1/ 2/3
Pleanáil	<ul style="list-style-type: none"> •Déanfar iarratais phleanála a phróiseáil i nGaeilge nuair a iarrtar san. •Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh le cur i bhfeidhm na riachtanas a bhaineann le hInniúlacht Teanga i gceadanna pleanála Gaeltachta. •Beidh forálacha a chinnteoidh tacaíocht do agus forbairt leanúnach ar oidhreacht teangeolaíoch agus chultúrtha Ghaeltacht na nDéise mar dhlúthchuid dePhlean Forbartha 2022-2028 na Comhairle, de réir na nAchtanna um Pleanáil & Forbairt. •Ullmhófar Plean Forbartha Áitiúil (LAP) do Ghaeltacht na nDéise le linn saolré Phlean Forbartha 2022-2028, ag díriú go sonrach ar na riachtanais forbartha faoi leith atá ag an nGaeltacht. •Glacfaidh Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge páirt gníomhach sa Ghrúpa Oibre ar Chúrsaí Pleanála Gaeltachta a bhunaigh An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta sa bhliain 2021. <p>Tabharfaidh Oifig na Gaeilge comhairle agus tacaíocht do Rannóg Pleanála na Comhairle i dtaca le polasaithe pleanála sa Ghaeltacht.</p> <ul style="list-style-type: none"> •Leanfaidh Coiste Logainmneacha na Comhairle ar aghaidh ag soláthar seirbhís logainmníochta don Údarás Pleanála chun a chinntiú go n-ainmneofaí forbairtí tithíochta i slí oiriúnach, ag úsáid na Gaeilge agus logainmneacha traidisúnta Gaelacha a 	Bl. 1/ 2/3

	mhéid agus is féidir, re réir an choinníoll a bhaineann le hainmniú atá sa chead pleanála.	
Scéim Scoláireachta Ghaeltachta	Leanfaidh an tOifigeach Gaeilge ar aghaidh ag ofráil Scoláireacht(aí) Ghaeltachta ar bhonn bhliantúil do mhicléinn chun freastal ar chúrsa samhraidh i gColáiste na Rinne.	Bl. 2/3
<u>An Ghaeilge mar theanga oibre sna hoifigí lonnaithe sa Ghaeltacht</u>		
		Amlíne Laistigh de Bl.1/Bl.2/Bl.3
Níl aon oifigí ag Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge sa Ghaeltacht. 'Siad Oifigí Cathartha na Comhairle i nDún Garbhán na hoifigí is cóngaraí don nGaeltacht. Déantar gach iarracht freastal ar chainteoirí Ghaeilge trí oifigí na Comhairle i nDún Garbhán, ag braith ar infhaighteacht bhaill fhoirne le Gaeilge ag aon am faoi leith.		Bl. 1/ 2/3

Caibidil 6: Ag Feabhsú Inniúlacht sa Ghaeilge

6.1 Earcaíocht

Is é earcú foirne le scileanna cumasacha Gaeilge i ngach réimse d'obair Chomhairle Cathrach & Contae Phort Láirge an príomhbhealach a bheidh ann chun barr feabhais a chur ar infhaighteacht seirbhísí i nGaeilge. Beidh aird ag ár bpolasaí earcaíochta, atá faoi réir an chreata de nósanna imeachta comhaontaithe náisiúnta d'earcaíocht, ar an ngá chuninniúlacht Gaeilge a fheabhsú ar bhonn céimnithe.

Cuirfear pacáiste ionduchtúcháin ina mbeidh cóip dár scéim chomhaontaithe, ar fáil do gach ball foirne chun a chinntiú go mbeidh siad ar an eolas faoinár ngealltanais faoin reachtaíocht.

6.2 Oiliúint agus Forbairt

Tá Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirgetiomanta deiseanna a chur ar fáil don fhoireann chun freastal ar chúrsaí oiliúna Gaeilge atá creidiúnaithe go cuí, de réir ár n-acmhainní. Cuirfear an fhoireann iomlánar an eolas faoi áiseanna/dheiseanna chun a n-inniúlacht sa Ghaeilge a fheabhsú.

		Gealltanais	Amlíne Laistigh de Bl.1/Bl.2/Bl.3
Feabhsú ar chumas Gaeilge	Earcaíocht	<ul style="list-style-type: none">•Cuirfear pacáiste ionduchtúcháin ar fáil do bhaill nua foirne ina mbeidh cóip dár scéim chomhaontaithe.•Tabharfar deis dóibh siúd a fhreastalaíonn ar agallamh chun dul ar Phainéal na gCúntóirí Leabharlainne scrúdú Gaeilge a dhéanamh chun cabhrú le hearcú níos mó cainteoirí Gaeilge don tSeirbhís Leabharlainne.	Bl. 1/2/3
	Oiliúint	<ul style="list-style-type: none">•Leanfar ar aghaidh ag cur deiseanna ar fáil chun cumas Gaeilge na foirne a fheabhsú. Déanfar socruithe cuí chun oiliúint sa Ghaeilge agus teastas tástála inniúlachta a chur ar fáil don fhoireann chun: <ul style="list-style-type: none">- tacú leis an bhfoireann chun a líofacht sa Ghaeilge a choimeád agus a fhorbairt,- feabhas a chur ar chumas na foirne a n-oibleagáidí Ghaeilge i gcur i gcrích agus a ndualgas á comhlíonadh acu. <ul style="list-style-type: none">•Tabharfar deis do bhaill foirne freastal ar Ranganna Gaeilge ar líne curtha ar fáil ag dreamanna seachracha agus cuirfear maoiniú ar fáil chuige seo.•Reáchtáilfear Ranganna Gaeilge	Bl. 1/2/3 Bl. 1 Bl. 2 ar

	<p>inmheánacha i bpearsan don bhfoireann a luaithe is a bheith deireadh leis na srianta sláinte phoiblí.</p> <ul style="list-style-type: none"> •Mar chuid den Chlár um Fhorbairt Pearsanta (PDP), déanfar gach iarracht baill foirne a ghríosadh chun tabhairt faoi Ranganna Gaeilge don bhfoireann. Déanfar é seo tríd an bpróiseas a athbhreithnithe a eagraíonn an Rannóg Iniúchadh Inmheánach. •Déanfaidh Oifig Fiontair Áitiúil Phort Láirge iarracht faoi leith baill foirne a ghríosadh chun tabhairt faoi Ranganna Gaeilge ionas gur féidir leo seirbhísí trí Ghaeilge a chur ar fáil don phobal. •Cuirfear an fhoireann ar an eolas faoi acmhainní teanga ar nós;www.focal.ie, www.focloir.ie, www.breis.focloir.ie, www.abair.ie, chomh maith le WinGléacht, an leagan leictreonach d'fhoclóir Gaeilge-Béarla Uí Dhónaill. 	<p>aghaidh</p> <p>Bl. 1/2/3</p> <p>Bl. 1</p>
	<p><u>Rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí chun an teanga a chur chun cinn/ Acmhainní a chur ar fáil</u></p> <ul style="list-style-type: none"> •Cuirfear an fhoireann ar an eolas agus tabharfar sonraí dóibh faoi acmhainní agus tacaíochtaí Gaeilge ar-líne. •Éascófar rochtain ar eolas maidir le hacmhainní agus tacaíochtaí teanga tríd an inlín agus áiseanna eile. •Cuirfear oiliúint rialta ar Fheasacht Teanga ar fáil dos na hoifigigh ainmnithe Gaeilge agus do bhaill eile foirne chun a chinntiú go mbeidh tuiscint leanúnach acu ar chearta teanga na bpobal Gaeltachta agus Gaeilge. •Cabhrófar le baill foirne a thugann faoi agus a chríochnaíonn teastais tástála inniúlachta Gaeilge chun feabhas a chur ar a gcuid scileanna teanga, mar is cuí, ar mhaithe leis an inniúlacht chun seirbhís trí Ghaeilge a chur ar fáil a mhéadú. 	<p>Bl. 1/2/3</p>
<p>Eile</p>	<p>Beidh comhlíontacht lenár Scéim Teanga agus bearta reachtaíochta maidir leis an nGaeilge mar Thasc i gcomhair Athbhreithnithe i bPlean Forbartha Pearsanta gach ball foirne faoin gCóras Nua CBFF.</p>	<p>Bl. 1/2/3</p>

6.3 Poist Shainithe Ghaeilge

Tá na poist liostáilte thíos sainithe mar phoist a mbaineann riachtanas inniúlachta Gaeilge leo. Tá sé i gceist go mbeidh caighdeán shonraithe chreidiúnaithe sa Ghaeilgebainte amach ag sealbhóirí na bpost seo i gcomhréir le cúraim an phoist. Nuair a bhí na poist seo á sainiú, tugadh aird ar leith ar phoist atá lonnaithe i gceantair Ghaeltachta agus ar phoist atá lonnaithe i gceantair lasmuigh den Ghaeltacht ach ar phobail Ghaeltachta agus/nó Ghaeilge mórán dá mbonn custaiméirí.

Teideal an Phoist	Láthair	An pobal Gaeltachta/Gaeilge ar a bhfuiltear ag freastal	Comharthú den chaighdeán Gaeilge a theastaíonn (roghnaigh ceann: bunleibhéal, meánleibhéal nó ardleibhéal)
Oifigeach Forbartha Gaeilge	Oifigí Dhún Garbhán & Oifigí Chathair Phort Láirge	Gaeltacht na nDéise – An Rinn & An Sean Phobal & lucht labhartha Gaeilge i gCathair agus i gContae Phort Láirge	Ardleibhéal
Oifigeach Cléireachais, Deasc Cúram Custaiméirí	Oifigí Cathartha, Dún Garbhán	Gaeltacht na nDéise – An Rinn & An Sean Phobal & lucht labhartha Gaeilge i gContae Phort Láirge	Meánleibhéal
Oifigeach Cléireachais, Deasc Cúram Custaiméirí	Halla na Cathrach, Port Láirge	Gaeltacht na nDéise – An Rinn & An Sean Phobal & lucht labhartha Gaeilge i gCathair Phort Láirge	Meánleibhéal

Caibidil 7: Monatóireacht agus Athbhreithniú

Déanfaidh an Rannóg Seirbhísí Corparáideacha monatóireacht agus athbhreithniú ar an scéim ar bhonn rialta. Is í Máire Seosaimháin Breathnach an teagmhálaí don scéim.

Bunóidh an Chomhairle ‘**Coiste Gaeilge**’, ar a mbeidh oifigigh ón gComhairle, chun polasáí Gaeilge na Comhairle a fhorbairt agus monatóireacht a dhéanamh air.

Beidh córas foirmiúil ar fáil chun monatóireacht a dhéanamh ar iarratais ar sheirbhísí i nGaeilge agus beidh cuntas air sin inár dTuarascáil Bhliantúil.

Caibidil 8: Poibliú na Scéime Comhaontaithe

Déanfar poibliú inmheánach agus seachtrach ar an scéim seo trí phreasráiteas i dtosach báire. Cuirfimid leagan dátheangach den scéim ar fáil ar ár suíomh gréasáin agus cuirfear ar fáil í do gach ball foirne agus do na gníomhaireachtaí cuí. Féadfar modhanna eile chun an scéim a phoibliú a úsáid freisin.

Ina theannta sin, tapóimid gach deis inár n-idirghníomhú laethúil le custaiméirí chun na seirbhísí a chuirimid ar fáil i nGaeilge a chur chun cinn agus a phoibliú ar na bealaí seo a leanas:

- custaiméirí a chur ar an eolas go díreach, ar bhealach réamhghníomhach, maidir leis an rogha atá acu gnó a dhéanamh linn i nGaeilge, mar shampla, trí fhógraí a chur ar taispeánt ag an bhfáiltiú a luann na seirbhísí Gaeilge atá ar fáil;
- na seirbhísí sin a liostú in áit ina mbeidh siad le feiceáil go soiléir ar ár suíomh gréasáin;
- cuirfimid in iúl ar threoirínnte, bileoga eolais agus foirmeacha iarratais ar leith go bhfuil na cáipéisí seo ar fáil i nGaeilge freisin, mura bhfuil siad ar fáil go dátheangach;
- tabharfaimid suntasacht chomhionann d'ábhair Ghaeilge agus Bhéarla.

Cuirfear cóip den scéim chomhaontaithe ar aghaidh chuig Oifig an Choimisinéara Teanga.